Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11545/1/23**
**REV 1**

**COPEN 244**
**DROIPEN 99**
**ENV 817**
**RELEX 852**
**JAI 976**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 419 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gcaibidlíocht maidir le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil (ETS Uimh. 172), agus a chuirfear in ionad an Choinbhinsiúin sin, chomh maith le dréacht-Tuarascáil Mhíniúcháin a ghabhann leis |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 419 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 419 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.7.2023
COM(2023) 419 final

Moladh le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gcaibidlíocht maidir le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil (ETS Uimh. 172), agus a chuirfear in ionad an Choinbhinsiúin sin, chomh maith le dréacht-Tuarascáil Mhíniúcháin a ghabhann leis.**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Tá an choireacht chomhshaoil agus an damáiste suntasach a dhéantar don chomhshaol agus do shláinte daoine tar éis éirí ina n-ábhar imní don Aontas agus ar fud an domhain. De réir na meastachán is déanaí atá ar fáil[1], meastar go bhfuil an caillteanas bliantúil a bhaineann le coireacht chomhshaoil idir US-$ 91–258 mbilliún. Fágann sé sin gurb í an choireacht chomhshaoil an ceathrú gníomhaíocht choiriúil is mó ar domhan i ndiaidh na gáinneála ar dhrugaí, na gáinneála ar dhaoine agus an ghóchumtha. Tá sí ag fás ag rátaí bliantúla idir 5 agus 7 %. Coireanna amhail dífhoraoisiú neamhdhleathach, truailliú uisce, aeir agus ithreach, trácht ar shubstaintí ídithe ózóin, póitseáil agus cionta eile, déanann siad an-dochar don bhithéagsúlacht, dochar do shláinte an duine agus scriosann siad éiceachórais iomlána. Tá gníomhaíocht chinntitheach, comhar láidir idirnáisiúnta bunaithe ar chomhthuiscint ar chatagóirí coireachta comhshaoil, smachtbhannaí agus comhar trasteorann de dhíth chun tionchar domhanda an damáiste agus an díghrádaithe a eascraíonn as sin a dhéanamh, agus is minic a bhíonn baint ag an gcoireacht eagraithe leo ar scála trasnáisiúnta.

- **Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Coireacht Chomhshaoil**

Tá an tAontas Eorpach tar éis dlús a chur de réir a chéile lena iarrachtaí iompar atá díobhálach don chomhshaol a rialáil. Sa lá atá inniu ann, leagann os cionn 250 ionstraim reachtach de chuid an Aontais, treoracha den chuid is mó, caighdeáin agus teorainneacha síos d'earnálacha éagsúla comhshaoil. Chun cosaint an chomhshaoil a fheabhsú a thuilleadh, le Treoir 2008/99/CE maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (dá ngairtear 'an Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil' anseo feasta)[2], cuirtear d'oibleagáid ar Bhallstáit an Aontais na sáruithe is tromchúisí ar dhlí earnála an chomhshaoil a choiriúlú. Déantar foráil sa Treoir, inter alia, do shraith choiteann catagóirí coireachta comhshaoil de chuid an Aontais agus éilíonn sí smachtbhannaí éifeachtacha, athchomhairleacha agus comhréireacha do dhuine nádúrtha agus dlítheanach. Ba é Coinbhinsiún 1998 Chomhairle na hEorpa maidir le Cosaint an Chomhshaoil trí Dhlí Coiriúil Chomhairle na hEorpa[3] a spreag an Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil agus bhí tionchar suntasach aige uirthi.

Rinne an Coimisiún meastóireacht ar éifeachtacht na Treorach maidir le Coireacht Chomhshaoil agus d'fhoilsigh sé na torthaí i mí Dheireadh Fómhair 2020[4]. Ar bhonn na dtorthaí sin, chinn an Coimisiún feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil maidir leis an gcoireacht chomhshaoil a chomhrac agus ghlac sé togra an 15 Nollaig 2021 le haghaidh Treoir nua de

---

1 De réir Interpol agus Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, tá an choireacht chomhshaoil ar an gceathrú gníomhaíocht choiriúil is mó ar domhan, agus tá sí ag fás ag ráta idir 5 %-7 % in aghaidh na bliana. Measúnú Mearfhreagartha UNEP-INTERPOL: Méadú na Coireachta Comhshaoil, Meitheamh 2016

2 Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil, *IO L 328,*

3 Comhairle na hEorpa, an Coinbhinsiún maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil, ETS Uimh. 172, an 4 Samhain 1998; https://www.ecolex.org/details/treaty/convention-on-the-protection-of-the-environment-through-criminal-law-tre-001292/

4 Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, Meastóireacht ar Threoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (an Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil), SWD (2020) 259 final an 28 Deireadh Fómhair 2020 (cuid I, cuid II, achoimre feidhmiúcháin).

chuid an Aontais maidir le Coireacht Chomhshaoil[5]. Leis an togra, déantar na sainmhínithe ar chatagóirí coireachta comhshaoil a bheachtú agus cuirtear cinn nua lena raon feidhme chun a áirithiú go ngearrfar pionós iomchuí ar chionta tromchúiseacha a dhéantar d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí. Tugtar isteach leis uasleibhéil smachtbhannaí íosta do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a chuireann acmhainn airgeadais corparáidí, cúinsí géaraitheacha agus smachtbhannaí/bearta breise san áireamh freisin chun smachtbhannaí éifeachtacha athchomhairleacha a chothú. Tá sé d'aidhm aige comhar trasteorann a éascú agus tá roinnt forálacha ann chun an slabhra forfheidhmithe dlí a neartú, lena n-áirítear oibleagáidí ar na Ballstáit sonraí staidrimh maidir le himeachtaí coiriúla comhshaoil a tharchur. Tá forálacha sa togra freisin maidir le cearta agus ról an phobail lena mbaineann agus cosantóirí comhshaoil.

I mí na Nollag 2022, tháinig Ballstáit an Aontais i gComhairle an Aontais Eorpaigh ar Chur Chuige Ginearálta. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh i mí an Mhárta 2023[6]. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa i mí na Bealtaine 2023 d'fhonn teacht ar chomhaontú polaitiúil faoi dheireadh 2023.

- **Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Coireacht Chomhshaoil**

I gcomhthráth leis an obair leanúnach atá á déanamh ag an Aontas Eorpach ar Threoir nua maidir le Coireacht Chomhshaoil, tá cinneadh déanta ag Comhairle na hEorpa Coinbhinsiún 1998 dá cuid maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil[7] a ionadú ('Coinbhinsiún 1998' anseo feasta). Reachtaíocht cheannródaíoch is ea Coinbhinsiún 1998, arb í an chéad ionstraim idirnáisiúnta í ina bhfuil sainmhínithe ar na cionta comhshaoil is tromchúisí a rinneadh d'aon ghnó nó le faillí, forálacha maidir le dlínse, smachtbhannaí, bearta coigistíochta, athbhunú an chomhshaoil, dliteanas corparáideach, comhar idir na páirtithe sa Choinbhinsiún agus comhar idirnáisiúnta, cearta do ghrúpaí, fondúireachtaí nó comhlachais atá dírithe ar chosaint an chomhshaoil chun páirt a ghlacadh in imeachtaí coiriúla i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus cearta do ghrúpaí lena sainmhínítear cionta coiriúla agus lena gceanglaítear smachtbhannaí éifeachtacha agus athchomhairleacha. Le roinnt de na forálacha sin bhí solúbthacht ann do na páirtithe, agus níor iarradh – tráth ar bith - ach dearbhú a chur chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa maidir lena dtoil chun foráil a thrasuí. Níor tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm riamh, áfach, toisc nár baineadh amach an líon íosta daingniúchán nó aontachas ba ghá.

An 23 Samhain 2022, faoi údarás Choiste Airí Chomhairle na hEorpa agus an Choiste Eorpaigh um Fhadhbanna Coireachta (CDPC), bunaíodh an Coiste nua Saineolaithe um Chosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil (PC-ENV) agus cuireadh de chúram air caibidlíocht fhoirmiúil a dhéanamh i ndáil le Coinbhinsiún nua Chomhairle na hEorpa maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil, a chuirtear in ionad Choinbhinsiún 1998, bunaithe ar théarmaí tagartha a ghlac PC-ENV[8]. Cuirfear san áireamh sa Choinbhinsiún nua freisin Staidéar Féidearthachta[9] a rinneadh in 2022, inar leagadh béim ar a iomchuí atá Coinbhinsiún nua sa réimse sin.

---

5 Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Threoir 2008/99/CE, COM(2021) 851 final 2021/0422 (COD)

6 www.europarl.europa.eu/doceo/document/A-9-2023-0087_EN.html

7 An Coinbhinsiún maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil, ETS Uimh. 172, a glacadh an 4 Samhain 1998

8 CM(2022)148-add2-final, 23 Samhain 2022.

9 Staidéar Féidearthachta ar Chosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil 'CDPC(2021)9-Fin'

Maidir le hoiriúnacht Coinbhinsiúin nua, thángthas ar an gconclúid

'*Go bhfuil éifeachtacht an chomhraic i gcoinne na coireachta comhshaoil, i ngach gné di agus go háirithe thar theorainneacha, ag brath freisin, agus i measc nithe eile, ar chomhar éifeachtach idirnáisiúnta idir stáit. Tá comhar den sórt sin ríthábhachtach chun a áirithiú go mbeidh an teanga chéanna ag na húdaráis náisiúnta ábhartha a bhfuil baint acu le coireanna comhshaoil a chosc agus a chomhrac. Deis a bheadh in ionstraim dlí nua chun rialacha comhchoiteanna a leagan síos don chomhar idirnáisiúnta feabhsaithe sin, a bhainfeadh leas as ionstraimí idirnáisiúnta de chuid Chomhairle na hEorpa atá ann cheana. (...) Mar gheall ar líon mór na mBallstát (47 dtír) atá aici in áiteanna níos faide anonn ná an Eoraip, tá tionchar aici ar an gcaoi a bhféadfadh na hionstraimí a fhorbraíonn sí ualach suntasach a bheith acu thar theorainneacha, i gcomhréir le cineál trasteorann an dúshláin comhshaoil nach mór aghaidh a thabhairt air. D'fhéadfadh éifeacht iarmhartach ar an leibhéal náisiúnta a bheith ag glacadh coinbhinsiúin nua sa réimse seo, chomh maith lena ghné shiombalach ar an leibhéal idirnáisiúnta, i gcomhthráth le tionscnaimh (réigiúnacha) eile, agus d'fhéadfadh sé ionstraimí idirnáisiúnta eile a spreagadh'*

Maidir lena caidreamh leis an Aontas Eorpach, tháinig Comhairle na hEorpa ar an gconclúid ina staidéar féidearthachta 'i bhfianaise na ngníomhaíochtaí a dhéanann an tAontas Eorpach i réimse na coireachta comhshaoil, agus go háirithe an (...) obair ar an togra le haghaidh Treoir nua ón Aontas, go mbeidh sé riachtanach teagmhálacha rialta a choinneáil idir an dá Eagraíocht agus a n-iarrachtaí a chomhordú, a mhéid is féidir, chun contrárthachtaí idir obair an Aontais Eorpaigh ar thaobh amháin agus, ar scála uile-Eorpach, obair Chomhairle na hEorpa ar an taobh eile a sheachaint. Ba cheart é sin a éascú trí mhalartuithe rialta idir grúpaí éagsúla saineolaithe, Coistí agus Rúnaíochtaí an dá Eagraíocht.'

Tionólfar an chéad chruinniú chun téacs an dréacht-Choinbhinsiúin a chaibidliú sa Chomhairle ón 16 go dtí an 18 Deireadh Fómhair 2023.

- **Comhsheasmhacht le forálacha atá sa réimse beartais cheana**

Cumhdaítear raon feidhme beartaithe an Choinbhinsiúin nua maidir le Coireacht Chomhshaoil den chuid is mó le dlí an Aontais, go háirithe leis an Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil atá i bhfeidhm faoi láthair agus leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir nua maidir le Coireacht Chomhshaoil[10]. Tá forluí mór idir a gcuspóirí agus a n-ábhar agus Coinbhinsiún nua Chomhairle na hEorpa maidir le Coireacht Chomhshaoil[11] atá beartaithe. Tá an dá cheann á spreagadh ag tacaíocht atá ag dul i méid agus aird ar fud an domhain dírithe ar an ngá atá lenár gcomhshaol a chosaint.

Ar an gcúis sin, is gá go mbeidh an tAontas in ann rannchuidiú leis na cuspóirí sin sa chaibidlíocht chun aon neamhréireacht maidir leis na sainmhínithe dlíthiúla, téarmaíocht agus oibleagáidí a shainmhínítear sa Choinbhinsiún agus sa Treoir nua maidir le Coireacht Chomhshaoil a sheachaint. Tá sé tábhachtach go gcuirfidh an tAontas san áireamh, le linn na caibidlíochta i gComhairle na hEorpa, an dul chun cinn agus na forbairtí a bhaineann leis an Treoir nua maidir le Coireacht Chomhshaoil atá beartaithe agus go bhfanfaidh sé i ndlúth-theagmháil le Meitheal fhreagrach Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

Ba cheart forálacha comhleanúnacha maidir le catagóirí coireachta comhshaoil a bheith ann mar gheall ar thoradh rathúil na caibidlíochta, lena n-áirítear tuairisc ar chionta, smachtbhannaí, an slabhra forfheidhmiúcháin a neartú, aitheantas a thabhairt do ról na

[10] Féach fonóta 4

[11] Féach tuilleadh sonraí faoi Roinn 2 – Bunús Dlí

saoránach agus na sochaí sibhialta, uirlisí nós imeachta agus imscrúdaitheacha Bhallstáit an Aontais agus Bhallstáit Chomhairle na hEorpa a dhaingníonn an Coinbhinsiún nua agus an comhar trasnáisiúnta a éascú ar an mbonn sin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Le Teideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tugtar inniúlachtaí don Aontas Eorpach i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais. Sa bhreis ar an Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil, tá sraith chuimsitheach ionstraimí dlíthiúla glactha ag an Aontas Eorpach chun an choireacht chomhshaoil a chomhrac i measc coireanna eile. Is cuid den chreat dlíthiúil seo iad na hionstraimí nó na tograí dlíthiúla seo a leanas:

- Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil[12]
- Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe[13]
- Togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní[14]
- Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a chuirtear in ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n- aisghairtear an cinneadh sin[15]
- Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a chuirtear in ionad na gCinntí sin[16]
- Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle[17]
- Rialachán ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le Rialáil Iascaireachta Neamhdhleathacha, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte (IUU) (CE) Uimh. 1005/2008[18], atá á athbhreithniú faoi láthair[19].

---

12 IO L 284, 12.11.2018, lgh. 22–30
13 IO L 305, 26.11.2019, lgh. 17 - 56
14 COM (2022)245 final
15 IO L 295 21.11.2018, lch. 138)
16 IO L 135, 24.5.2016, lgh. 53–114
17 IO L 315, 14.11.2012
18 IO L 286, 29.10.2008, lgh. 1–32
19 Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 1967/2006, (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle, agus Rialachán (AE) Uimh. 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialú ar iascach; COM/2018/368 final.

Ina theannta sin, tá corpas cuimsitheach de dhlí comhshaoil an Aontais atá i bhfeidhm nó atá á athbhreithniú faoi láthair agus a chumhdaítear leis an Treoir nua maidir le Coireacht Chomhshaoil mar ionstraim chothrománach[20]. Idirghníomhaíonn dlí comhshaoil an Aontais agus an Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil le chéile, a mhéid a éilítear leis an sainmhíniú ar chion coiriúil faoin Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil iompar neamhdhleathach, i.e. sárú ar oibleagáidí mar a shainmhínítear i ndlí comhshaoil an Aontais. Thairis sin, is córas comhtháite smachtbhannaí de chuid an Aontais iad smachtbhannaí neamhchoiriúla a shainmhínítear i ndlí comhshaoil an Aontais agus smachtbhannaí coiriúla le chéile, córas a chuidíonn le beartais an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach chun an comhshaol a chosaint; ba cheart go ndéanfadh smachtbhannaí neamhchoiriúla agus coiriúla a chéile a chomhlánú agus a threisiú i gcur chuige céimnithe comhleanúnach lena bhforáiltear do rialacha smachtbhannaí uile-Aontais de réir critéir agus caighdeáin chomhchuibhithe.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Cuireadh an moladh seo faoi bhráid na Comhairle de bhun Airteagal 218(3) agus (4) CFAE ar mhaithe le húdarú a fháil chun an t-athbhreithniú ar Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Coireacht Chomhshaoil a chaibidliú thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun treoracha caibidlíochta a chur ar fáil, agus chun an Coimisiún a cheapadh mar idirbheartaí.

Foráiltear le hAirteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas 'chun comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích (...) a mhéid a fhéadfaidh lena thabhairt i gcrích difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna nó an raon feidhme atá acu a athrú.' Go háirithe, shoiléirigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh má 'tá baol ann [go ndéanfaidh gealltanais idirnáisiúnta difear do rialacha an Aontais nó go n-athrófar iad], ní thugtar le tuiscint go bhfuil na réimsí a chumhdaítear leis na gealltanais idirnáisiúnta agus na cinn a chumhdaítear le rialacha an Aontais ag teacht le chéile ina n-iomláine' ach 'go bhféadfaí difear a dhéanamh do raon feidhme rialacha comhchoiteanna an Aontais nó go n-athrófaí iad le gealltanais den sórt sin freisin i gcás ina

[20] I measc samplaí d'ionstraimí den sórt sin tá: Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hathchúrsáil long agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 agus Treoir 2009/16/CE (IO L 330, 10.12.2013, lch. 1) Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin (IO L 286, 31.10.2009, lch. 1–30; tá caibidlíocht fós ar siúl agus táthar ag súil le Rialachán nua maidir le Substaintí Ídithe Ózóin go luath); Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 (IO L 150, 20.5.2014, lgh. 195–230; tá caibidlíocht fós ar siúl agus táthar ag súil le Rialachán nua maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe (gáis-F) go luath); Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n- aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lgh. 1–849); Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil (IO L 61, 3.3.1997, lgh. 1–69); Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3); Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola (IO L 190, 12.7.2006, lgh. 1–98).

dtiteann na gealltanais sin laistigh de réimse a chumhdaítear den chuid is mó le riail den sórt sin cheana'[21].

Ní mór a chur san áireamh san anailís ar inniúlacht an Aontais na réimsí a chumhdaítear le rialacha an Aontais agus le forálacha an chomhaontaithe atá beartaithe, an fhorbairt is intuartha a dhéanfar orthu amach anseo agus cineál agus ábhar na rialacha sin agus na bhforálacha sin, chun a chinneadh an mbeidh an comhaontú atá beartaithe in ann an bonn a bhaint de chur i bhfeidhm aonfhoirmeach comhsheasmhach rialacha an Aontais agus d'fheidhmiú cuí an chórais a mbunaítear leo.

Is é atá i gceist le hionstraimí dlíthiúla an Aontais a luaitear thuas, go háirithe an Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil i ndáil leis an reachtaíocht dá dtagraítear inti, réimse a chumhdaítear le dlí an Aontais den chuid is mó, a bhfuil an baol ann go ndéanfaidh an Coinbhinsiún nua maidir le Coireacht Chomhshaoil difear dóibh nó go n-athrófaí a raon feidhme agus, dá bhrí sin, tá inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas ina leith bunaithe ar Airteagal 3(2) CFAE, mar a léirmhíníonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh í.

Ar an gcéad dul síos, beidh forluí ann idir an Coinbhinsiún nua agus an Treoir nua maidir le Coireacht Chomhshaoil. Léireodh an Coinbhinsiún nua struchtúr agus raon feidhme na Treorach nua maidir le Coireacht Chomhshaoil go dlúth. Beidh forálacha iontu araon maidir le cuspóir agus raon feidhme, téarmaíocht agus sainmhínithe, cionta suntasacha faoin dlí coiriúil, dliteanas agus smachtbhannaí daoine, cearta nós imeachta agus comhar, bearta coisctheacha agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta.

Ar an dara dul síos, dá mbeadh na Ballstáit ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún atá beartaithe, bheadh an baol ann go mbainfí an bonn de chur i bhfeidhm aonfhoirmeach comhsheasmhach rialacha comhchoiteanna an Aontais.

Mar shampla, ní mór don Aontas a áirithiú go mbeidh na sainmhínithe ar chatagóirí coireachta comhshaoil sa Choinbhinsiún comhoiriúnach a mhéid is féidir leis an Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil, toisc nach bhféadfar sainmhínithe bréagnaitheacha maidir le catagóir shonrach coireachta a áireamh i bpéindlí na mBallstát. Ní mór a áirithiú freisin sa Choinbhinsiún nach mbeidh an teicníc dhlíthiúil a úsáidtear chun cionta comhshaoil a shainmhíniú ag teacht salach ar an teicníc a úsáidtear sa Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil. Maidir le haon chur chuige nua sa Choinbhinsiún chun cionta coiriúla a shainmhíniú ar bhealach atá éagsúil le dlí an Aontais, d'fhéadfaí réamhbhreith a dhéanamh ar an bhforbairt bhreise ar dhlí an Aontais ina leith sin nó teorainn a chur leis an bhforbairt sin. I gcás nach mbeadh catagóir coireachta a shainmhínítear faoin gCoinbhinsiún san áireamh sa Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil, is féidir leis sin, mar sin féin, difear a dhéanamh do dhlí an Aontais. Mar shampla, déantar iascaireacht neamhdhleathach agus a smachtbhannaí a rialáil faoi bheartais iascaigh an Aontais[22]. Dá bhrí sin, dá n-athrófaí raon feidhme na gcoireanna comhshaoil nó an sainmhíniú ar chionta coiriúla nua, d'fhéadfaí difear a dhéanamh, ar bhealach cothrománach, do raon feidhme rialacha comhchoiteanna an Aontais sa réimse lena mbaineann.

Tá baol ann freisin go mbeadh brí dhifriúil ag téarmaí a úsáidtear sa Choinbhinsiún, rud a dhéanfadh difear do chur i bhfeidhm téarmaí comhchosúla i ndlí an Aontais. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh sé sin, mar shampla, le coincheapa dlí caighdeánacha arna mbunú, maidir le daoine dlítheanacha, dliteanas daoine dlítheanacha, agus dlínse choiriúil.

Ó thaobh córasach de, tá forálacha maidir le smachtbhannaí agus smachtbhannaí agus bearta gabhála sa Treoir nua maidir le Coireacht Chomhshaoil comhlántach leis na forálacha

[21] Cás C-114/12, *an Coimisiún v an Chomhairle*, ECLI: ECLI:EU:C:2014:2151, míreanna 69-70.

[22] féach fonótaí 18 agus 19

smachtbhannaí atá ann cheana i ndlí comhshaoil an Aontais. Dá bhrí sin, cuireann siad le córas comhleanúnach smachtbhannaí an Aontais maidir le sáruithe ar an gcomhshaol. Ba cheart forálacha maidir le smachtbhannaí sa Choinbhinsiún nua agus i gcóras smachtbhannaí an Aontais a bheith comhoiriúnach, ionas nach gcuirfear bac ar fhorbairtí breise.

Ba cheart don Aontas a áirithiú freisin nach bhfuil na rialacha maidir le cosc agus neartú an tslabhra um fhorfheidhmiú dlí coiriúil sa Choinbhinsiún ag teacht salach ar oibleagáidí comhchosúla sa Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'éifeachtacht agus de chur chun feidhme rialacha an Aontais ina leith sin.

Na ceanglais éagsúla sa Choinbhinsiún agus sa Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil a mhéid a bhaineann le bailiú sonraí staidrimh i ndáil le himeachtaí coiriúla comhshaoil, d'fhéadfadh siad an sreabhadh oibre teicniúil agus riaracháin san Aontas a dhéanamh níos casta agus an bonn a bhaint d'éifeachtacht rialacha ábhartha na Treorach maidir le Coireacht Chomhshaoil.

Cumhdaítear rialacha nós imeachta íosta maidir le cearta íospartach, cearta finnéithe agus cearta comhoibritheoirí leis an gcóras dlí agus cirt chomh maith le cearta nós imeachta eagraíochtaí neamhrialtasacha agus na sochaí sibhialta in imeachtaí coiriúla le dlí an Aontais lena léirítear staid chomhthola reatha Bhallstáit an Aontais. D'fhéadfadh rialacha sna Coinbhinsiúin réamhbhreith a dhéanamh agus bac a chur ar fhorbairt dhlí an Aontais amach anseo i ndáil leis sin.

Ar bhonn na hanailíse sin, thángthas ar an gconclúid go bhféadfadh an Coinbhinsiún nua atá beartaithe difear a dhéanamh do raon feidhme rialacha comhchoiteanna an Aontais nó é a athrú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhréireacht**

Ní théann an tionscnamh seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais atá i gceist a ghnóthú. Ós rud é gur fheidhmigh an tAontas inniúlacht inmheánach cheana sa réimse seo trí ghlacadh Threoir 2008/99/CE maidir leis an gcoireacht chomhshaoil a chomhrac agus a thogra le haghaidh Treoir nua a chuirfear in ionad Threoir 2008/99/CE. Dá bhrí sin, ba cheart cur chuige coiteann de chuid an Aontais a ghlacadh sa chaibidlíocht chun neamhréireachtaí idir an Coinbhinsiún ar leibhéal Chomhairle na hEorpa le dlí an Aontais a sheachaint.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní bhaineann le hábhar

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Chuir an Coimisiún san áireamh tuairimí a chuir saineolaithe ó na Ballstáit in iúl le linn an

phlé sna meithleacha ábhartha de chuid na Comhairle chun ullmhú don chaibidlíocht.

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar

- **Cearta bunúsacha**

Ní mór roinnt cearta agus saoirsí bunúsacha a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’) a chur san áireamh le linn na caibidlíochta maidir le hathbhreithniú an Choinbhinsiúin, lena n-áirítear an ceart chun ardleibhéal cosanta comhshaoil a fháil agus cáilíocht an chomhshaoil a fheabhsú (Airteagal 37 den Chairt), cosaint sonraí pearsanta, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil (Airteagal 47 den Chairt), toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun cosaint a fháil (Airteagal 48 den Chairt), prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis (Airteagal 49 den Chairt), agus an ceart chun nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion céanna (Airteagal 50 den Chairt – ne bis in idem). Ós rud é nár cheart go gcuirfeadh rannpháirtíocht sa chaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh isteach ar leibhéal na cosanta do chearta bunúsacha san Aontas, moltar leis an tionscnamh seo ardleibhéal cosanta do chearta bunúsacha a shaothrú.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ar bhuiséad an Aontais.

Moladh le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gcaibidlíocht maidir le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil (ETS Uimh. 172), agus a chuirfear in ionad an Choinbhinsiúin sin, chomh maith le dréacht-Tuarascáil Mhíniúcháin a ghabhann leis.**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don Mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Samhain 2022, thug Coiste Airí Chomhairle na hEorpa sainordú don Choiste saineolaithe um chosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil Coinbhinsiún nua a dhréachtú a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún 1998 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (ETS Uimh. 172) agus a chuirfear ina ionad faoin 30 Meitheamh 2024.

(2) Is dócha go ndéanfar foráil leis an gCoinbhinsiún atá beartaithe maidir le rialacha comhchoiteanna ar chuspóir agus raon feidhme, téarmaíocht agus sainmhínithe, cionta suntasacha faoin dlí coiriúil, daoine dlítheanacha agus smachtbhannaí, cearta nós imeachta agus comhar, bearta coisctheacha agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta. Tagann ábhar agus raon feidhme an Choinbhinsiúin atá beartaithe i réimse a chumhdaítear den chuid is mó le dlí an Aontais[23], réimse a bhfuil an baol ann, dá bhrí sin, go ndéanfaí difear dó nó go n-athrófaí a raon feidhme leis an gCoinbhinsiún nua, de réir Airteagal 3(2) CFAE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas a bheith rannpháirteach sa chaibidlíocht i ndáil le Coinbhinsiún nua Chomhairle na hEorpa maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais ar an gCoinbhinsiún nua maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 1998 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirfear in ionad an Choinbhinsiúin sin.

*Airteagal 2*

[23] Go háirithe le Treoir 2008/99/CE maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus leis an togra le haghaidh Treoir nua a chuirfí ina hionad COM(2021) 851 final, 2021/0422 (COD).

Leagtar amach na treoracha caibidlíochta san Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhar le [*ainm an choiste speisialta le cur isteach ag an gComhairle*].

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*